01 Deireadh Fómhair 2021
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe**

Tá 14 imleabhar nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar leis na 1930idí.

Tá **dialann amháin** sa bhaisc seo: Proinnsias de Búrca, Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo. Bhí sé de dhualgas ar bhailitheoirí lánaimseartha dialann a choinneáil chun eolas comhthéacsúil faoi na seisiúin taifeadta, na faisnéiseoirí agus faoin obair i gcoitinne a bhreacadh. Is cuid den Phríomhbhailiúchán iad na dialanna seo agus tá léargas luachmhar iontu ar shaol a linne. Tá clibeáil déanta ar scéalaithe agus ar dhaoine eile atá luaite sna dialanna.

I measc na n-imleabhar, tá ábhar nua as na contaetha seo a leanas: Ceatharlach, Ciarraí, An Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Loch Garman agus Luimneach.

Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

| | |
|---|---|
| 0002 | Seán Ó Dubhda, Cill Maoilchéadair agus Fionntrá, Co. Chiarraí |
| 0003 | Seán Ó Dubhda, Cill Maoilchéadair agus Fionntrá, Co. Chiarraí |
| 0004 | Seán Ó Dubhda, Cill Maoilchéadair agus Fionntrá, Co. Chiarraí |
| 0113 | Brian Mac Lochlainn, Baile na Cille, Iomaí agus Maíros, Co. na Gaillimhe |
| 0434 | Seán Ó Flannagáin, An Bheitheach, Co. na Gaillimhe agus Inse Chrónáin, Co. an Chláir |
| 0437 | Tomás Ó Ciardha, Baile an Hóraigh, Co. Loch Garman, Seán de Buitléir, Baile an Hóraigh, Co. Loch Garman, Diarmuid Ó Cruadhlaoich, Inis Céin, Co. Chorcaí, Diarmuid Ó hUallaigh, An Léim, Co. Chorcaí |
| 0460 | Seán de Buitléir, An Gleann agus Cluain Caoin, Co. Loch Garman agus Tomás Ó Ciardha, An Ráithín agus Cluain Caoin, Co. Loch Garman |
| 0462 | Liam Ó hIcidhe, Cill Orglan agus Gleann Beithe, Co. Chiarraí, Maigh Rua, Co. Luimnigh agus Baile an Daingin, Baile Mhistéala, Baile Átha an Ghaorthaidh agus Inse Geimhleach, Co. Chorcaí, Diarmuid Ó Cruadhlaoich, Inis Céin, Co. Chorcaí agus Peadar Mac Domhnaill, Tigh an Réileáin, Co. Cheatharlach agus Tuaim, Co. Luimnigh |
| 0476 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí |
| 0479 | Proinnsias Mac Grianna, Cionn Caslach, An Clochán Liath agus Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, Proinnsias Ó Gallchobhair, Inbhear, Cill Taobhóg agus Na Gleannta, Co. Dhún na nGall agus Pádraig Ó Fearraigh, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall |
| 0486 | Seán Ó Dubhda, Cill Maoilchéadair, Co. Chiarraí |
| 0488 | Eoghan Ó Domhnaill, Teampall Cróine, Co. Dhún na nGall agus Seán Ó Súilleabháin |
| 0500 | Proinnsias de Búrca, dialann, Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo |
| 0508 | Brian Mac Lochlainn, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe |

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

**Nóta don eagarthóir:**

Is é An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

Teagmháil: eolas@duchas.ie

Cnuasach Bhéaloideas Éireann National Folklore Collection
UCD Dublin
DCU Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta
Supported by National Lottery
bring dreams to life
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal